



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 223 de 2012

NA RIALACHÁIN FÁ NA hACHTANNA UM SHEIRBHÍSÍ UISCE, 2007 AGUS
2012 (CÓRAIS CÓIREÁLA DRAMHUISCE TÍ), 2012

[An tionú oifigiúil]

I.R. Uimh. 223 de 2012

NA RIALACHÁIN FÁ NA hACHTANNA UM SHEIRBHÍSÍ UISCE, 2007 AGUS
2012 (CÓRAIS CÓIREÁLA DRAMHUISCE TÍ), 2012

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hAlt 18 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007) agus Alt 70L(1) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007), arna chur isteach le hAlt 4 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 (Uimh. 2 de 2012), déanaimse, PILIB Ó hÓGÁIN, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis seo na Rialacháin seo a leanas:

Lua

1. (a) Féadfar na Rialacháin fá na hAchtanna um Sheirbhísí Uisce, 2007 agus 2012 (Córais Cóireála Dramhuisce Tí), 2012 a ghairm de na Rialacháin seo.

(b) Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an 26 Meitheamh 2012.

Córais cóireála dramhuisce tí a oibriú agus a chothabháil

2. (1) Déanfaidh úinéir córais cóireála dramhuisce tí é a oibriú agus a chothabháil ionas nach ndéanfaidh dramhuisce tí ná eisilteach séarachta astú, scardadh, úscadh, sceitheadh ná éalú ar shlí eile as an gcóras, ná as cuid de:

(a) seachas as áit nó as cuid den chóras i gcás go bhfuil an córas deartha nó beartaithe chun dramhuisce tí nó eisilteach séarachta a scardadh, nó

(b) isteach in uiscí dromchla ach amháin i gcás é a bheith ceadúnaithe faoi Alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977 (Uimh. 1 de 1977), nó

(c) isteach ar dhromchla na talún.

(2) Ní rachaidh uisce ó dhíon ná uisce dromchla, atá tar éis sileadh, isteach i gcóras cóireála dramhuisce tí.

(3) Beidh úinéir córais cóireála dramhuisce tí freagrach as é a chothabháil agus a athnuachan agus cinnteoidh sé nó sí go bhfuil a chodanna agus a chomhpháirteanna oiriúnach dá bhfeidhm, ag obair más cuí agus go gcoimeádtar iad in ord maith agus i riocht maith ionas go gcuirtear cosc ar phriacal do shláinte daoine nó don chomhshaoil.

Baint Sloda

3. (1) Bainfear sloda as córas cóireála dramhuisce tí i gceann tréimhsí a bheidh cuí maidir le toilleadh an umair agus le líon na ndaoine a bhfuil cónaí orthu san áitreabh atá ceangailte leis nó de réir mar a bheidh molta ag monaróir an chórais.

(2) Déanfaidh conraitheoir a bheidh údaraithe faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin), 2007 (I.R. Uimh. 820 de 2007) arna leasú leis na

Foilsíodh fógra san “Iris Oifigiúil” an 29 Meitheamh, 2012, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtuil seo.

Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead Bailiúcháin) (Leasú), 2008 (I.R. Uimh. 87 de 2008) sloda a bhaint agus an t-ábhar a dhiúscairt de réir na gceanglas nó na n-ordachán reachtach náisiúnta iomchuí go léir a bheidh i bhfeidhm ag an am.

(3) Gheobhaidh úinéir fianaise go ndearnadh sloda a bhaint nó admháil ón gconraitheoir údaraithe gach tráth a dhéanfar sloda a bhaint as a umar nó as a humar agus coimeádfar fianaise nó admháil den sórt sin ar feadh tréimhse cúig bliana.

(4) D'ainneoin fhorálacha mhíreanna (2) agus (3), féadfaidh úinéir córais cóireála dramhuisce tí sloda a bhaint as an gcóras sin agus ábhar an chórais a úsáid sa talmhaíocht, faoi réir na gceanglas nó na n-ordachán reachtach náisiúnta iomchuí go léir a bheidh i bhfeidhm ag an am agus go háirithe forálacha na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Sludach Séarachais a Úsáid sa Talmhaíocht), 1998 (I.R. Uimh. 148 de 1998), na Rialachán um Bainistiú Dramhaíola (Sludach Séarachais a Úsáid sa Talmhaíocht) (Leasú), 2001 (I.R. Uimh. 267 de 2001) agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2010 (I.R. Uimh. 610 de 2010) a chomhlíonadh.



ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,
26 Meitheamh 2012.

PILIB Ó hÓGÁIN,
Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Is é is cuspóir do dhéanamh na Rialachán seo na gníomhartha a bheidh le déanamh ag úinéirí córas cóireála dramhuisce tí a fhorordú chun comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi Alt 70(C)(1) den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 a chinntiú.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS,
CONTAE MHAIGH EO,
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 nó 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO,
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 or 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27